

# Dialann Mhóire

**Nuachtlitir Chomharchumainn Dhún Chaoin • Nollaig 2013**



## Pearsa na Bliana 2013

## Pádraig Ó Mathúna

Tháinig Pádraig agus a bhean, Siobhán chun cónaithe i nDún Chaoin sa bhliain 1998 tar éis saol rathúil, gníomhach a chaitheamh i gCaiseal Mumhan. Bhí cáil bainte amach ag Pádraig mar ealaíontóir ins na miotail luachmhara, ór agus airgead, agus do bhí aitheantas idirnáisiúnta fachta ag a chuid oibre go mór mhór na ceird thraidisiúnta Éireannacha a bhí le feiscint i ndearadh agus i ndéanamh na lámhdhéantúsáin. Bhí taighde fé leith déanta aige ar na módhanna ársa oibre cosúil le meilt ór ina gcuirtear braona óir anuas ar phláta óir chun é a mhaisiú. Seo scil a bhí imithe i léig in Éirinn ón cúigiú aois déag.

Tá samhlaíocht Phádraig préamhaithe i gcultúr na nGael, an teanga, an seanchas agus an stair agus is obair leanúnach atá ar siúl aige chun na tréithe sin a choimeád beo agus a thaispeáint don saol. Tá an Ghaeilge agus tír na hÉireann lárnach ina shaol agus ina smaointí agus tá sé dóchasach go dtuigfeadh daoine an tábhacht a bhaineann leis an ndúchas náisiúnta sara mbeidh sé ró-dhéanach.

Fuair a chéile, Siobhán, bás i 2012 agus ba mhór an chaill ar Phádraig agus ar a cairde é. Bhí beirt chlainne acu, Siobhán agus Niamh. Na laethanta seo, is sa ghairdín a bhíonn sé ag obair agus ní amháin go bhfuil bláthanna agus toir ag fás timpeall air ach tá a chuid glasraí úr ar fáil aige lasmuigh de dhoras na cistine.

Gura fada buan é.

**— Tráth na gCeist Boird —**
**Tigh Kruger**
**Dé Domhnaigh, 29 Nollaig, 8.00 i.n.**
Táille Fóirne €20 (€5 an duine)
Ar son Fondúireacht Oispíse Chiarraí
Urraithe ag Comharchumann Dhún Chaoin

## Oireachtas na Gaeilge

**Comhghairdeachas le gach aon duine a ghlac páirt i gcomórtaisí Oireachtas 2013 i gCill Airne le cúpla lá anuas, go speisialta le Malachaí Mac Amhlaoibh ó Bhaile na Rátha a bhuaigh an chéad duais i gcomórtas cáilithe scéalaíochta do dhaoine fásta. Tráthúil go maith tá an duais agus an corn seo ainmnithe i ndiaidh scéalaí iomráiteach Dhún Chaoin, Cáit 'Bab' Feiritéar. Táimid cinnte go mbeadh an Bhab ana-shásta gur comhpharóisteánach dá cuid féin a thug an corn leis i mbliana. Beidh Mal i dteideal cur isteach ar an bpríomhchomórtas scéalaíochta an bhliain seo chugainn.**



**Malachaí MacAmhlaoibh le Corn Bhab Feiritéar i gCill Airne**
I dteanna leis, ó chlé: Máire Ní Shíthigh (Baile Ghib, Co. na Mí), Feargal Mac Amhlaoibh, Frances Uí Chinnéide, Cathal Póirtéir (moltóir i dteannta Gearóid Denvir), Bernie Firtéir, Caitlín Firtéir agus Seán Ó Cinnéide.



**Na comharsan ag caint le chéile ag Barbecue an Pharóiste**

# Scoil Naomh Gobnait, Dún Chaoin 1914-2014 Ceiliúradh 100 Bliain

*le Ruth Uí Ógáin*

Beidh Scoil Naomh Gobnait, Dún Chaoin, ag ceiliúradh céad bliain ar an bhfód an bhliain seo chugainn, 2014. I measc na n-imeachtaí a eagrófar i rith na bliana mar chuid den gceiliúradh seo, beidh Aifreann sa scoil, dráma á chur i láthair ag leanaí na scoile, taispeántas grianghrafanna agus seolfar leabhar cuimhneacháin na scoile. Chuirfeadh Scoil Dhún Chaoin fáilte mhór roimis ghrianghrafanna agus aon earraí cuimhneacháin eile a bhaineann le saol na scoile don dtaispeántas seo. Chomh maith leis seo, chuirfeadh an scoil fáilte mhór roimis altanna don leabhar cuimhneacháin ó éinne a d'fhreastal ar an scoil gur mhaith leo a chuimhní cinn féin a scríobh, nó ó éinne gur suim leo cúlra na scoile.

## STAIR NA SCOILE

### Scoil Bhaile Bhiocáire 1841-1914

Sular tógadh Scoil Naomh Gobnait i nDún Chaoin sa bhliain 1914, bhí leanaí an pharóiste ag freastal ar Scoil Bhaile Bhiocáire, díreach trasna an bhóthair ó láthair na scoile nua, faoi mar atá tigh gloine na gCinnéidach inniu. Tógadh *Vicarstown National School* sa bhliain 1839 agus bunaíodh go hoifigiúil í sa bhliain 1841. San iarratas a chuir an sagart paróiste, An tAthair Seán Ó Cathasaigh, go dtí na Coimisinéirí Oideachais, deir sé go raibh géarghá oideachas a chur ar mhuintir Dhún Chaoin mar ar éigin go raibh seisear sa pharóiste a thuig aon fhocal Béarla. I gcuntas ón gCartlann Náisiúnta deir an sagart san iarratas:

> Is mó an gá san áit seo le scolaíocht, dar liom, ná aon dream a chuir iarratas os comhair na gCoimisinéirí go dtí seo. Tá an pobal chomh hiargualta sin, gan de theacht isteach ag na daoine ach toradh na talún agus ábhairín iascaigh anois is arís.[1]

Aon seomra amháin a bhí sa scoil agus í 40 troigh ar fhaid agus 22 troigh ar leithead. B'é John Kavanagh an chéad mhúinteoir inti agus bhí 119 scoláire ag freastal uirthi an uair sin, 94 buachaill agus 25 cailín. Go bhfios dúinn, ní mhaireann aon ghrianghraf den seanscoil ach is mar seo a dhein Séamus Ó Cíobháin ó Ghleann Loic cur síos ar an scoil sa bhliain 1978, agus é os cionn 80 bliain d'aois:

> Ocht bhfuinneog a bhí ar an scoil, *Vicarstown National School*, ceithre cinn ar gach taobh. Bhí dhá shimné air in airde, ach ní raibh ach tine amháin istigh, agus í sin sa bhinn theas. Sa bhinn thuaidh a bhí an doras. Sa bhinn theas a bhí an máistir is é buailte suas cois na tine sa gheimhreadh. Thugadh gach aon dalta fód mhóna leis gach aon lá. Bhí deisceanna móra fada ann i lár slí, timpeall deich gcinn acu ar fad, agus spás do dheichniúr i ngach aon cheann agus aghaidh ó dheas orthu.[2]


Go dtí seo, scoil aon oide ab ea Scoil Bhaile Bhiocáire ach sa bhliain 1864, nuair a bhí 80 scoláire ag freastal ar an scoil, ceapadh an chéad chúntóir scoile, nó *workmistress* mar a thugtaí uirthi. Bhí 44 buachaill agus 36 cailín cláraithe sa scoil ag an am agus b'í Hannah Ní Neachtain a ceapadh mar chúntóir. Bean chéile an mháistir Domhnall Ó Muircheartaigh ab ea í agus bhí sí 18 bliain ag an am. I gcuntas ón gCartlann Náisiúnta tugtar cur síos dúinn ar dhualgaisí Hannah:

> *There are 18 females receiving needlework instruction with table provided, also press to keep material. She also assists her husband in teaching the junior classes. She teaches two hours needlework each day. She is qualified to teach needlework, marking, knitting and netting.*[3]

Cailleadh Hannah Ní Neachtain óg agus b'í Julia Lucitt ó Bhaile an Éanaigh a ceapadh mar chúntóir ina háit sa bhliain 1876. Bhí tinreamh na scoile dulta i méid an uair sin. Ar an 19 Feabhra 1876 bhí 106 scoláire cláraithe ar scoil, 65 buachaill agus 41 cailín. Is le linn do Julia agus Domhnall Máistir a bheith ag múineadh ann a thosnaigh Peig Sayers sa scoil sa bhliain 1877. Chaith Julia aon bhliain déag mar chúntóir i Scoil Bhaile Bhiocáire agus d'aistrigh sí go Scoil na Muirí sa bhliain 1887, áit gur chaith sí an chuid eile dá saol mar phríomhoide. Nuair a d'fhág Julia an scoil sa bhliain 1887, tháinig Kate O'Connor ó Bhaile Eaglaise ina háit.

### An Máistir Seán Ó Dálaigh

Timpeall an ama gur thosnaigh Julia i Scoil Bhaile Bhiocáire, thosnaigh mac deirféar don Máistir Domhnall Ó Muircheartaigh mar "mhonitor" nó coscaire sa scoil sa bhliain 1875. Ní raibh Seán ach 15 bliain d'aois ag an am ach bhí ana-shuim sa mhúinteoireacht aige. Chaith sé trí mbliana faoi stiúir an mháistir ag foghlaim a cheirde, faoi mar a bheadh tréimhse fhoghlamtha ag printíseach.


9 REGISTER OF St. Gobnet's NATIONA

| Date of Entrance 1926. | Register Number. | Pupil's Name in Full. | Date of Pupil's Birth. | Religious Denomination as stated by Parent or Guardian. | Residence. (Village, Townland, or Street if in a Town.) | Position or Occupation of Parent or Guardian. |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 11·9·26. | 75 | Stephen Brosn | 4·16 | R.C. | Vicarstown | Farm |
| 11·9·26. | 60 | Michael Garvey | 4·14 | R.C. | Carhue | Do. |
| 11·9·26. | 61 | Eddie Sheehy | 4·14 | R.C. | Ballintemple | Do. |
| 11·9·26. | 67 | John Keane | 4·15 | R.C. | Ballinglanna | Do. |
| 11·9·26. | 63 | John Kevane | 5·15 | R.C. | Ballinaraha | Do. |
| 11·9·26. | 64 | Patrick Malone | 4·14 | R.C. | Coumineole | Do. |
| 11·9·26. | 62 | Maurice Long | 4·12 | R.C. | Ballinglanna | Do. |
| 25-4-'27 | 98 | Tadhg Ó Muircheartaigh | 20/5/22 | R.C. | Gleann Loic | Do |
| 7-5-'28 | 99 | Seán De Mórdha | 24/12/22 | R.C. | Baile an Ghleanna | Do. |
| 4-6-'28 | 100 | Seán Ó Guithín | 7-23 | R.C. | Baile na h-Abann | Do. |
| 5-6-'28 | 101 | Muiris Ó Catháin | 30/12/23 | R.C. | Baile na Rátha | Do. |

Leathanach as an Rolla, 1926-28.

Bhí ar an máistir múineadh speisialta a thabhairt dó ar feadh trí cheathrú uair a chloig roimh scoil ar maidin nó tar éis scoile tráthnóna. Bhí leabhair speisialta go gcaitheadh sé staidéar a dhéanamh orthu agus chaitheadh sé dul fé scrúdú ag deireadh gach bliana.[4]

Nuair a cailleadh Domhnall Máistir sa bhliain 1879, ceapadh Seán ina áit agus gan é ach 18 bliain ag an am, an príomhoide ab óige in Éirinn.

Bhí Peig Sayers timpeall sé nó seacht mbliana d'aois nuair a ceapadh Seán Ó Dálaigh ina phríomhoide agus is mar seo a chuir sí síos air:

Bhí an Máistir nua anois againn ach ar mh'anam, má bhí, gur bhagraí go mór é ná sean-Domhnall. Bhí sé mear tapaidh, óg, misniúil, agus é mallaithe go maith...[5]

Bhí a dhóthain cúraimí roimis sa scoil anois áfach agus é freagrach as oideachas na scoláirí ar fad. Má bhí sé mallaithe nuair ba ghá leis, chaithfeá a thuiscint go raibh deacrachtaí ar leith ag baint le múineadh in aon scoil an uair sin.

Má bhí 80 scoláire ar scoil sa scoilbhliain 1879-80, bí cinnte go raibh ocras ar an bhformhór agus na laigí céanna orthu a ghaibheann leis.[6]

Sa bhliain 1895, bhí an tinreamh is airde sa scoil, 110 scoláire, ó bunaíodh Scoil Bhaile Bhiocáire breis is caoga bliain roimis sin.

Bhí baint mhór ag an Máistir Ó Dálaigh le athbheochaint na Gaeilge, gluaiseacht a bhí faoi lán tseoil ar fud na tíre ag an am. B'iad Scoil Naomh Gobnait agus Scoil Bhaile an Fheirtéaraigh an dá scoil ba thúisce in Éirinn a thug faoi mhúineadh na Gaeilge, tar éis don dá phríomhoide sna scoileanna sin Teastas Múinte na Gaeilge a bhaint amach.

Phós an Máistir Ó Dálaigh iar-scoláire leis féin Nóra Ní Mhurchú (Nearaí) ó Ghleann Fán, i bParóiste Fionn Trá, Máirt na hInide 1887. Saolaíodh naonúr clainne dóibh, beirt iníon agus seachtar mac, idir na blianta 1888 agus 1910, agus chuaigh triúr acu le múinteoireacht ina dhiaidh sin. Thóg an Máistir agus Nearaí tigh nua ag binn na scoile i mBaile Bhiocáire sna blianta 1896-97, an tigh ba mhó sa pharóiste. D'éirigh leo Oifig an Phoist a bhunú sa tigh sa bhliain 1898. D'fhan Oifig an Phoist ag an Máistir i rith a shaoil agus bhí sé ag a iníon Hannah ina dhiaidh.

**Scoil Naomh Gobnait**

D'fhan an Máistir Seán Ó Dálaigh ag múineadh sa scoil go dtí 1927 nuair a chuaigh sé amach ar a phinsean tar éis dó breis is 48 bliain a chaitheamh ag múineadh sa scoil, an tréimhse is faide ag aon mhúinteoir ann. B'é a bhí ina mháistir nuair a tógadh an scoil nua, Scoil Naomh Gobnait i mBaile na Rátha, i 1914. Ní raibh ach léas 99 bliain ag an láthair ina raibh an tseanscoil tógtha agus bhí droch-chuma ag teacht ar an tseanscoil le tamall.

Aon trathnóna amháin go raibh an Máistir istigh ann ag scríobh ag an ndeasc thit píosa mór den díon isteach agus ba ar éigean a thug sé na cosa leis amach as.[7]

De réir daonáireamh na bliana 1911, bhí 381 duine i bParóiste Dhún Chaoin (gan na Blascaodaí san áireamh) agus bhí nach mór leath acu san fé bhun 15 bliain d'aois. De réir Leabhar Rolla Scoil Naomh Gobnait, bhí 111 leanbh ag freastal ar an scoil nuair a osclaíodh í go hoifigiúil ar an 12 d'Aibreán 1915, 64 buachaill agus 47 cailín. B'é Patrick Guiheen ó Bhaile na hAbha an dalta is sinne sa scoil agus é nach mór 16 bliain d'aois agus b'í Maggie Houlihan ó Ghleann Loic an dalta is óige agus gan í ach 3 bliain agus 3 mhí d'aois nuair a thosnaigh sí sa scoil an bhliain sin. As Béarla amháin a bhí ainmneacha na leanaí breactha síos sa Leabhar Rolla.

B'í Nell Ní Fhlaithimh a bhí ina céad chúntóir sa scoil nua, deirfiúr do Jack Flahive ón nDaingean, an fear a thóg an scoil. Dhá sheomra a bhí sa scoil nua, an ceann thoir don Máistir agus an ceann thiar don Máistreás. Aistríodh Nell go Scoil na Muirí áit go raibh post aici ag múineadh le Julia Lucitt, agus ceapadh Bríde Ní Lúing-Uí Loingsigh, i Mí Bealtaine 1915.

Nuair a d'éirigh an Máistir Seán Ó Dálaigh as, ceapadh a mhac Muiris mar phríomhoide sa scoil ina dhiaidh, príomhoide óg eile agus gan é ach bliain is fiche. Tá an t-athrú príomhoide le feiscint go soiléir i gClár Leabhar na mBuachaillí atá fós sa scoil, mar a bhfuil ainmneacha na scoláirí agus na mbailte fearainn breactha síos as Gaelainn don gcéad uair. Bhí uimhreacha ag titim arís sa scoil agus sa bhliain 1929 ní raibh ach 60 scoláire cláraithe sa scoil.



Muiris Ó Dálaigh,
mac Sheáin "An Common Noun" Uí Dhálaigh,
a bhí ag múineadh ar an scoil ó 1927 go dtí 1941
(athair Frances Uí Chinnéide).

Bhí spéis ar leith ag Muiris Ó Dálaigh sa Ghaelainn agus i scéalaíocht na háite agus maíonn an scéalaí cáiliúil Bab Feiritéar gurb é a mhúscail suim sa tseanchas inti ar scoil. D'fhreastal Bab ar Scoil Dhún Chaoin ó 1923 go 1931 agus b'é Muiris an múinteoir a bhí aici sna hard ranganna.

Léadh sé scéal dúinn agus deireadh sé linn ceist a chur ar ár muintir aige baile an raibh an scéal áirithe sin acu, agus má bhí, é a bhreith ar scoil ina bhfocla siúd. Ansan a thuigeamar go raibh tábhacht ag baint leis an seanchas is an scéalaíocht." tábhacht ag baint leis an seanchas is an scéalaíocht.[9]

Bhí Máirín Ní Bhriain-Uí Shé ag múineadh sa scoil ó 1941 go dtí 1946, ach bhí tinreamh na scoile ag titim arís agus faoi lár na 1940aí bhí faoi bhun 30 leanbh sa Leabhar Rolla. Deineadh scoil aon-oide arís do Scoil Dhún Chaoin agus aistríodh Muiris Ó Dálaigh go Scoil na Muirí.

D'fhan Bríde Uí Loingsigh ag múineadh sa scoil ar feadh breis is 45 bliain. Ba mhinic a luadh Bab Feirtéar Bríde agus í ag tagairt dá laethanta scoile agus an tslí a chuaigh na laethanta sin i bhfeidhm uirthi ó thaobh na scéalaíochta. Tugann Bab cur síos ar an gcuimhne a bhí aici ar mháistreás na scoile:

> Ní féidir liom mo chéad lá ar scoil a thabhairt chun mo chuimhne ach is cuimhin liom go maith a bheith ins na naíonáin ar scoil. Feicim pictiúr don máistreás suite ar chathaoir cois tine móna agus sinne cruinnithe timpeall uirthi mar a bheadh máthair agus clann. Í siúd ag insint scéalta beaga deasa dúinn, gach sórt scéal, scéalta grinn agus scéalta beannaithe... [10]


Nuair a chuaigh Bríde amach ar a pinsean sa bhliain 1960 ní fada ó bhaile a chaitheadar imeacht chun an chéad mhúinteoir eile a aimsiú. B'í deirfiúr Bhríde, Maighréad, a ceapadh ina háit. Ba í Maighréad Ní Lúing baintreach an Mháistir Muiris Ó Dálaigh. Deineadh scoil beirt oide arís de Scoil Dhún Chaoin nuair a ceapadh Máire de Londra-Uí Ghrífín sa bhliain 1961, nuair a bhí 35 leanbh ar Rolla na Scoile. Chaith Maighréad cúig mbliana sa scoil agus d'éirigh sí as i Mí Márta 1965. Chaith Bean Uí Ghrífín 9 mbliana ag múineadh sa scoil.


Tar éis do Mhaighréad Bn Uí Dhálaigh éirí as sa bhliain 1965, ceapadh Máire Ní Chuinn ina cúntóir agus d'fhan sí ann go dtí 1970, an bhliain chéanna gur dúnadh an scoil agus aistríodh na múinteoirí go dtí scoileanna eile.

Nuair a dhún an scoil, sheas muintir Dhún Chaoin go láidir i gcoinne cinneadh an Rialtais agus sheas cuid mhaith de phobal na tíre lleo ina gcuid iarrachtaí a scoil bheag féin agus a bpobal féin a choimeád ina mbeatha. Sheas daoine ar nós Máire Mhac an tSaoi agus Máire Feirtéar isteach chun na leanaí a mhúineadh go deonach. Tháinig Mícheál Ó Dubhshláine, múinteoir óg ó Chill Dara chun múineadh sa Scoil sa bhliain 1970, gan tuarastal ná aitheantas ón Roinn Oideachais. Sheas muintir Dhún Chaoin leis agus chabhraíodar leis in aon slí go bhféadfaidís. Lean an scéal mar seo ar feadh trí mbliana go dtí gur tháinig athrú Rialtais agus tugadh aitheantas don scoil arís sa bhlian 1973 agus ceapadh Mícheál go hoifigiúil mar phríomhoide na scoile.

D'fhan Mícheál Ó Dubhshláine ag múineadh sa scoil go dtí 2003 nuair a chuaigh sé amach ar a phinsean. Ceapadh an tarna oide sa bhliain 1986, agus b'í sin Máirín Ní Bhroin-Uí Thuama ó Chill Mhantáin. D'fhan Máirín ag múineadh sa scoil go dtí gur chuaigh sí amach ar a pinsean sa bhliain 2011. Nuair a d'éirigh Mícheál Ó Dubhshláine as, ceapadh Máirín mar phríomhoide, agus Áine Ní Shé-Uí Dhúgáin, ó Dhún Chaoin, mar chúntóir. Chaith Áine 7 bliain ag múineadh sa scoil sara bhfuair sí bás i 2011.

Is í Máire Ní Mhaoileoin ón nGráig príomhoide na Scoile anois agus Maryann Ní Laoithe ó Bhaile Uí Churráin an cúntóir.




**Nótaí**

1 Ó Dubhshláine Mícheál, 2000, *An Baol Dom Tú* (Conradh na Gaeilge), lch. 45.
2 *Ibid*, lch 244.
3 *Ibid*, lch. 49.
4 *ibid*, lch. 54.
5 Sayers, Peig, 1954, *Peig* (Comhlacht Oideachais na hÉireann), lch. 29.
6 Ó Dubhshláine, lch. 84.
7 *ibid*, lch. 125.
8. *ibid*, lch. 187.
9 Almqvist agus Ó Cathasaigh, 2002, *Ó Bhéal an Bhab,* (Cló Iar-Chonnachta), lch 54.
10 Feiritéar, Bab, 1994 (neamhfhoilsithe).

**Múinteoirí Scoil Bhaile Bhiocáire agus Scoil Naomh Gobnait**

1. John Kavanagh (1841)
2. Donncha Ó Conchubhair (1842)
3. Patrick Timothy Brosnan
4. Domhnall Ó Muircheartaigh (1855-1857)
5. John Moynahan (1857-1859)
6. John Foley (1859-1863)
7. Domhnall Ó Muircheartaigh (1863-1879)
8. Hannah Ní Neachtain (1864-1876)
9. Julia Lucitt (1876-1887)
10. Seán Ó Dálaigh (1879-1927)
11. Kate O'Connor (1887)
12. Nell Ní Fhlaithimh (1914-1915)
13. Bríde Bn Uí Loingsigh (1915-1960)
14. Muiris Ó Dálaigh (1927-1941)
15. Máirín Ní Bhriain (1941-1946)
16. Maighréad Bn Uí Dhálaigh (1960-1965)
17. Máire Bn Uí Ghrífín (1961-1970)
18. Máire Ní Chuinn (1965-1970)
19. Mícheál Ó Dubhshláine (1970-2003)
20. Máirín Ní Bhroin (1986-2011)
21. Aine Ní Shé (2003-2010)
22. Maryann Ní Laoithe (2011-)
23. Máire Ní Mhaoileoin (2012-)

# An Ceamara i nDún Chaoin

le Dáithí de Mordha

Bímid bodrálta agus aidileálta ar uairibh sa pharóiste seo, go háirithe i rith an tsamhraidh. Cad fáth? Lucht ceamara. Bíd ag stopadh i lár an bhóthair agus pictiúir á dtógaint acu de gach ní suaithinseach dá bhfeicid. Bíonn iontas á dhéanamh acu de gach radharc tíre, gach claí agus port, gach ní beo agus marbh atá anso. Nuair a bhíonn fuadar fúinne, muintir na háite, agus gnótha an lae á gcur dtín againn, bíonn siad seo inár measc agus gan aon mhór deabhadh orthu agus gan faic ag cur tinnis orthu ach rudaí ná tógaimid-ne aon cheann dóibh. Tá níos mó grianghraif tógtha de seana-mholtacháin agus seana-bheithígh i ngoirt an paróiste seo ná mar atá de chuid de *celebrities* beaga Hollywood.

Ach i mórán slite tá ana-sheans linn go mbíonn, agus go raibh, triall na sluaite ceamaradóirí ar Dhún Chaoin. Ó dheireadh na naoú haoise déag tá grianghrafadóirí siúlach ar an bparóiste seo agus tá againn dá bharra taifead agus bailiúchán fíor-luachmhar agus fíor-shaibhir de ghrianghraif a léiríonn pobal, lonnaíochtaí, saol agus slite beatha na ndaoine sa pharóiste is sia siar san Eoraip le ós cionn céad bliain anuas.



**Pláta 1**

Ceann de na pictiúir is luaithe atá againn de mhuintir an pharóiste is ea (Pláta 1), a tógadh i gCom Dhineoil uair éigin idir 1890-1900. Duine de mhuintir Watson, a bhí i mbun feirmeoireachta sa Bhaile Riabhach i bparóiste Chill Dromán a thóg, agus tá an teideal *'The Natives of Coomeenole'* air (ba mhinic téarmaí ar nós 'natives', 'aborigines', 'savages', 'barbarous' in úsáid i rith na naoú haoise déag mar lipéid ar mhuintir chósta thiar na hÉireann). Pictiúr ana-spéisiúil is ea é; tabhair fé ndeara nach bhfuil bróg nó stoca ar éinne, fiú na daoine fásta, agus is hataí dubha atá ar bheirt de na fearaibh seachas na caipíní a shamhlaímid a bheith ar gach duine go traidisiúnta anso. Tá slata iascaigh ag beirt, agus an cháil riamh ar mhuintir an Choma mar iascairithe nótálta ón gcloich.

Paróiste difriúil ar fad a bhí ann ag an am, agus tá a fhianaise sin le fáil sna grianghraif. Sa bhliain 1897 tháinig Charles R. Browne chun an pharóiste agus dhein suirbhé ar an áit agus go háirithe ar mhuintir na háite. I measc na bpictiúir a thóg Browne tá an cheann seo thuas ar dheis de Fhaill Cliath (Pláta 2). Is mó taoide atá gafa tríd Bhealach an oileáin ó cuireadh aon bhád ar snámh ó Fhaill Cliath, ach ba ansan ba mhó a bhíodh báid saighne agus naomhóga an pharóiste tráth. Tá an fhéar fásta aníos tríd an chosán seo agus tríd Shlí Watty



**Pláta 2**

a shníomhann aníos ón dtráigh go dtí barr na haille anois, ba mhór an obair, an tranglam agus an ghíotáil a bhíodh ann tamall.

Ag deireadh na bhfichidí agus ag tús na dtríochaidí tháinig Gearmánach darbh ainm Ludwig Mühlhausen 'on pharóiste agus do bhí bús deataigh ag éirí as a cheamara ag líon na bpictiúr a bhí á thógaint aige. Scoláire Ceiltise ab ea é, ach tar éis na bliana 1932 ghlac sé páirt ghníomhach i gcóras na Naitsíoch. Dearg-Naitsíoch ab ea Mühlhausen, agus d'éirigh sé cuíosach ard i gcóras an tríú Reich ina dhiaidh sin. Bhí sé san SA agus san SS, agus bhíodh sé ag craoladh ón nGearmáin as Gaelainn i rith an dara cogadh domhanda chun a chur ina luí ar mhuintir na hÉireann taobhú leis na Gearmánaigh i gcoinne na gcomhghuaillithe. Roimhe sin áfaigh chaith sé scata ama ar chósta thiar na hÉireann ag foghlaim na Gaelainne. Thóg sé grianghraif de thithe, de theaghlaigh, d'airm feirme agus tí agus de thaobh tíre an pharóiste.



**Pláta 3**

Ba é a thóg (Pláta 3), pictiúr ana-dheas de Cháit 'An Bhab' Feiritéar agus dá dlúth-cara Máirín Ní Dhála ina ngearrchailí i 1929.

Tá muintir Chríoch Lochlainn siúlach ar Dhún Chaoin le fada riamh, ó Carl Marstrander a tháinig sa bhliain 1907 anuas go dtí an Lochlannach lách Bo Almqvist a chuaigh chun na síoraíochta i mbliana, Trócaire air. Chaitheadar ar fad tamall, pé acu fada nó gearra, i measc an phobail ag déanamh staidéir ar ghnéithe dár n-oidhreacht, go háirithe i réimse an bhéaloidis. Béaloideasaí ab ea an Sualannach Albert Eskeröd a tháinig chugainn sa bhliain 1935, agus i measc na ngrianghraif a thóg sé tá an cheann seo (Pláta 4) a thóg sé ar an gCé, agus muintir an Bhlascaoid ag prapáil chun bó a bhreith 'on oileán i naomhóg, obair chuaigh chontúirteach, dhuaisiúil. Tá cosa an ainmhí á gceangal d'fhonn is ná cuireadh sí a crúb tríd chraiceann na naomhóige amach.



**Pláta 4**

Fé lár daichidí an chéid seo caite bhí ceamaraí ar fáil réasúnta saor, go háirithe sa Bhreatain agus sna Stáit Aontaithe. Thosnaigh imirceánaigh ag teacht abhaile go hÉireann ar laethanta saoire, rud nach raibh coitianta roimhe sin, agus thug cuid ach ceamaraí leothu. As san amach, bhí teaghlaigh an cheantair in ann grianghraif a thógaint dóibh féin ag dá muintir in ionad a bheith ag seasamh ós cómhair ceamaraí stróinséartha. Tá a leithéid seo de phictiúir i gcorpaid, i ndriosúir agus in áiléir an pharóiste, agus ag sliocht na n-imirceánach thall. Anall ó Springfield a tháinig (Pláta 5)



**Pláta 5**

chun a' tí chugainne, pictiúr a tógadh ag tús caogaidí na fichiú haoise lasmuigh den dtigh i mBaile an Ghleanna. Tá Pádraig de Mórdha ann, ar a tugtaí Devin, agus hata dubh uime. Beirt dá chlann mac, Willie agus Jack Devin, atá fairis, maraon le mac Willie, Mícheál, gan é ach ina phlubaire beag bunóice agus cóta ana-dheas air. Cé a chreidfeadh é go mbeadh an leanbhaín san ina seana-chrústa cianaosta críonna craptha crampálta caite cancrach ciotrúnta caintréaraí fén mbliain 2013?!

Bheadh bailiúchán den scoth ann dá bhféadfaí scoth na ngrianghraif seo a chnuasach le chéile agus a thaispeáint go poiblí i bhfoirm leabhair nó mar thaispeántas. Tá ana-seans linn go bhfuil a leithéid de thaifead ar fáil dúinn mar phobal.

———SPÁS LE LÍONADH———


# Richard Moore agus an scoil Laidine i nDún Chaoin

*Seán Ó Cinnéide*

Dhein Charles Smith tagairt ina leabhar staire do scoil Laidine i nDún Chaoin timpeall na bliana 1750 agus dúirt sé go raibh an scoil maoinithe ag fear darb ainm Moore ó Pháras na Fraince. Is é an Canónach Richard Moore a bhí i gceist agus do bhí sé ina shagart san Ardeaglais i Senlis, timpeall 60 kms ó thuaidh ó Pháras. Ina uacht d'fhág sé £60 (luach €14,000 inniu) le cuir go dtí an sagart paróiste i bParóiste an Fheirtéaraigh chun oideachas a chuir ar fáil do leanaí bochta Caitliceacha. Bhí caiteachas £3 sa bhliain i gceist i nDún Chaoin agus mar sin do bhí oiread ann agus a choimeádfadh an scoil ar siúil ar feadh na blianta. Do fuair Richard Moore bás i Mí na Samhna 1738. Dála an scéil, is é an sagart paróiste a bhí i mBaile an Fheirtéaraigh ag an am ná an Dr. Melchior Moriarty, iar scoláire ón Sorbonne i bPáras, agus do dhein an chéad sagart paróiste eile, Muiris Ó Muircheartaigh, a chuid staidéir i bPáras chomh maith. Caithfidh go raibh iontaoibh ag Richard Moore astu.

Chomh maith leis an airgead seo, do bhunaigh Richard Moore scoláireachtaí chun cabhrú le fir óga ó Chiarraí teacht go Páras le haghaidh staidéir agus le haghaidh lóistín ag Collège des Lombards (Coláiste na nGael). B'fhiú £555 (€130,000 inniu) an méid a bhí sa bhfondúireacht.

Tharla sé go raibh nia le Richard, Gerard Moore, ina shagart san Ardeaglais chéanna agus do dhein sé sin uacht chomh maith a tháinig i bhfeidhm nuair a d'éag sé i Mí Feabhra 1758. Do chuir Gerard airgead abhaile go dtí beirt colceathrar leis, duine acu go raibh Gerard Moore air chomh maith, a bhí ina chónaí i dTíorabháin agus Henry Moore a bhí ina chónaí sa Daingean. D'fhág sé £500 (luach €115,000 inniu) ag Gerard agus £125 (luach €29,000 inniu) ag Henry. Sa leabhar *An Seanchaoidhe Muimhneach*, tá scéal a thosnaíonn:



**Ardeaglais Senlis (Cathédrale Notre-Dame de Senlis) in Oise, An Fhrainc.**

Bhí feirmeoir i bParóiste an Fhirtéaraigh fadó, darb ainm Gearróid de Múra. I n-áit go dtugtar Tír a' Bháin air iseadh chomhnaigh sé. Fear maith saidhbhir ab eadh Gearróid de Múra, agus bhí cuid mhaith airgid sa bhannc aige.

Tá an chuma air gur ón bhFrainc a tháinig cuid den airgead sin cé go ndeireann an sagart ina uacht go raibh Gearóid "compórdach" cheana féin.

Níl aon Mhúraigh i dTíorabháin inniu agus n'fheadar an b'iad seo na Múraigh go raibh caisleán acu i mBaile an Mhúraigh roimis 1642. Pé scéal é, d'éirigh go maith leo thar lear agus do bhí fonn orthu cabhrú le muintir na háite trí oideachas agus airgead a chuir ar fáil.

Agus seo ar fad dhá chéad caoga bliain ó shoin!

Tá na h-uachtanna luaite thuas ar fáil ag an Centre Culturel Irlandais, Paris (iar Choláiste na nGael) agus táim buíoch do'n Dr. Éamon Ó Ciosáin agus an Dr. Liam Chambers a chabhraigh liom teacht orthu.

## Scoil Dhún Chaoin Ceiliúradh 100 Bliain 1914-2014



Beidh Scoil Dhún Chaoin ag ceiliúradh 100 bliain ar an bhfód an bhliain seo chugainn. Cuirfimíd fáilte mhór roimh ghrianghrafanna agus aon earraí cuimhneacháin eile a bheadh oiriúnach do Leabhar Cuimhneacháin na Scoile agus don taispeántas ar Stair na Scoile. Cuirfear fáilte mhór leis roimh altanna ó éinne gur mhaith leo a gcuimhní cinn a bhreacadh síos ar shaol na scoile.

066-9156411
scoildhunchaoin.ias@eircom.net



Pictiúr de pharóiste Dhún Chaoin déanta idir 1840 agus 1850 ag Mary Jane Grattan Guinness, iníon Arthur Guinness ó Bheaumont (1763-1855). Phós sí fear darb ainm Pitcairn. Tá an sean-scoil agus an scoil Protastúnach le feiscint ann agus cuid des na bailte fearainn ina raibh cónaí ar dhaoine ag an am, Baile an Ghleanna, Baile na Rátha agus Baile na hAbha. Tá na hoileáin agus na báid seoil sa bhfarraige taobh thiar. Tá an pictiúir sa Leabharlann sa Daingean agus táim buíoch don leabharlannaí, Bernard MacBrádaigh, a thug cead dom é a úsáid anseo.

## Bliain na Rósanna

D'éirigh le Louise Nic Thomáis ón gCeathrú gradam Rós na hAstráile Theas a bhaint amach i mbliana agus d'fhill sí abhaile chun an fód a sheasamh do bhaile Adelaide. Ina theannta sin, roghníodh Orfhlaith Ní Dhúgáin ó Bhaile na Rátha mar Rosebud. Seo píosa a scríobh Orfhlaith mar gheall ar na rudaí a thit amach di.




### Rosebud Abu Dhabi Anseo!

Mise Orfhlaith Ní Dhúgáin ó Bhaile Na Rátha i nDún Chaoin. Bhíos i mo rosebud do Abu Dhabi i dTrá Lí i mbliana. Chuas go coirmceoil JLS agus bhí sé go hiontach ar fad. Bhíos i bparáid na rósanna (dhá pharáid!). Bhí na sráideanna dubh le daoine. Dheineas beirt cáirde. Slán go foil JJ

### Saol Sóisialta an Pharóiste 2013

**Fáilte roimis an ghlúin nua:**
Fia, le Sinéad agus Pádraig Ó Cearna (Iúil)
Líse, le Muireann agus Billy Mag Fhloinn (Lúnasa)
Muireann, le Nóra Marie agus Matt Mac Carthaigh (Lúnasa)

**Sparántacht Uí Chearna**
Ghnóthaigh Clíodhna Ní Dhugáin sparántacht tríú leibhéil urraithe ag Mícheál Ó Cearna de bharr torthaí na hArd Teistiméireachta a fuair sí. Tá céim dlí tosnaithe aici in Ollscoil na hÉireann Corcaigh

**Pósta**
Clare Nagle agus Reid Milburn (Aibreán)
Lia Brúgha agus Daniel Butler (Bealtaine)
Mundy Wilson agus Win Piper (Deireadh Fómhair)
Clare Nic Thomáis agus Conal Ó Cruadhlaoich (DF)

**Imithe ar Shlí na Fírinne**
Bo Almqvist, An Ceathú agus Baile Átha Cliath (9 Samhain). Ár gcomhbhrón lena bhean chéile, Eilís Ní Dhuibhne, agus a chlann.



**Cócairí Dhún Chaoin**
Liam Ó hÓgáin agus Lorcán Ó Slatara a bhuaidh an Bake-Off Mór le linn Féile Bia an Daingin 2013. Féach alt scríte ag Liam Ó hÓgáin thíos:

### An Bake Off Mór

Bhí comótas ar siúl Dé Domhnaigh 8ú Deireadh Fómhair sa Daingean agus chaithfeá "Lemon Drizzle Cake" a dhéanamh. Ní raibh cead ach ag fearaibh agus buachaillí cuir isteach air. Chuireas isteach air agus bhíos ag cleachtadh aige baile go minic. Bhíos ag cleachtadh an cur i láthair chomh maith. Bhí sé ar siúl i "Marquee" taobh thiar do Dick Mack's. Bhí naonúr buachaillí agus naonúr fearaibh istigh air. Dúirt na moltórí gurbh é mo chíste agus císte le buachaill eile na cinn ba dheise agus chuamar ar aghaidh sa chomórtas.

Dhein Derry Clarke (Chef ana-cháiliúil le bialann darbh ainm L'Ecrivian in Átha Cliath) agus Marc Ó Sé (imreoir caide do Chiarraí) moltóireacht ar chístí na bhfear agus cístí na mbuachaillí. Dúirt an bheirt acu gurb é mo cheann an ceann ab fhearr agus bhíos ana-shásta ar fad. Dúirt Derry Clarke ana-chiúin liomsa agus mo Mham go raibh mo chíste níos deise ná císte na ndaoine fásta! Thugadar voucher do Garvey's Sports Shop agus aprún dom. Tá súil agam rud éigin a cheannach i nGarvey's Sports agus go bh'fhaighead Michelin Star lá éigin amach anseo chomh maith!



Maria Simonds-Gooding, Brigid Murray agus Frances Uí Chinnéide. Ba í Brigid Murray a bhunaigh Potadóireacht Dhún Chaoin in éineacht le Jean Yetts sa bhliain 1965.